



2024/964

27.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/964 ÓN gCOIMISIÚN
an 21 Márta 2024

maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ⁽²⁾ i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhoill bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.
- (3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.
- (4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí a fhoráil go bhféadfaidh an sealbhóir an fhaisnéis sin a agairt fós, go ceann tréimhse áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse 3 mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

Airteagal 2

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/2022-12-12>.

⁽²⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/2023-06-17>).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Gerassimos THOMAS
An tArd-Stiúrthóir
Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais
Chustaim*

IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód CN)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
Gaireas ceallra-oibrithe atá inchaite ar an rosta (ar a dtugtar 'uaireadóir cliste'), ar a bhfuil taispeáint dhatha AMOLED tadhall-íogair agus tomhas fiarthrasna thart ar 2.8 cm agus strapa sileacóin, iad cóirithe i mbosca lena miondíol in éineacht lena luchtair. Tá an méid seo a leanas sa ghaireas freisin: — 2 MB RAM, 32 MB ROM; — ceallra 159 mAh; — braiteoir méadair luasghéaraithe, braiteoir gíreascóip, braiteoir optúil ráta croí; — nascacht Bluetooth 5.1. Níl an gaireas feistithe le cárta eSIM/SIM ná ní féidir cárta SIM a chur isteach ann. Níl cumas Cumarsáide Neasréimse aige. Gan an gaireas a phéireáil le gaireas eile, is féidir é a úsáid le haghaidh na nithe seo a leanas: — an t-am agus an dáta a thaispeáint; — ráta croí a thomhas; — am na gcéimeanna codlata a thomhas; — líon na gcoiscéimeanna a thugtar a chomhaireamh; — luas a thaifeadadh. Is féidir an gaireas a phéireáil nó a nascadh le gaireas eile, amhail fón cliste ('gaireas óstach') trí Bluetooth. Tar éis é a phéireáil, déantar na sonraí tomhaiste a tharchur chuig an ngaireas óstach le haghaidh tuilleadh próiseála (trína chuid feidhmchlár). Tar éis é a phéireáil, ceadaíonn an gaireas gnéithe cosúil le: — fógraí glao gutháin a fháil agus an fhéidearthacht diúltú dóibh amháin (is é sin, ní féidir na glaonna teileafóin a fhreagairt), — fógraí SMS a sheiceáil tríd an gcéad chuid den téacs a thaispeáint agus freagra a thabhairt orthu (cuireann an gaireas ar fáil feidhm mhearfhreagartha SMS le téacsanna gearra réamhshainithe, ach ní féidir teachtaireacht iomlán shaincheaptha a chumadh), — feidhmchláir seinnteoirí ceoil a oibriú ar an ngaireas óstach, — feidhmeanna éagsúla a oibriú a bhaineann le cláir sláinte coirp agus gníomhaíochtaí spóirt, — leibhéal struis a rianú.	9102 12 00	Is le rialacha ginearálta 1, 3(b), 3(c) agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte ('RLG'), le Nóta 1(n) a ghabhann le Roinn XVI agus le foclaíocht chóid AC 9102, agus 9102 12 00 a chinntear an t-aicmiú. Meastar gur earraí iad an t-uaireadóir cliste agus an luchtair a chóirítear i mbosca lena miondíol laistigh de théarmaí RLG 3(b). Is é an t-uaireadóir cliste an chomhpháirt a thugann an tsaintréith fhíor-riachtanach don fhoireann ar fad. Is earra comhchodach é an t-uaireadóir cliste a dheartar chun feidhmeanna cheannteideal 8517 (gaireas cumarsáide), cheannteideal 9029 (peidiméadar), cheannteideal 9031 (gaireas tomhais nó seiceála) agus cheannteideal 9102 (uaireadóir) a oibriú. Tá go leor feidhmeanna ag an uaireadóir cliste faoi cheannteidil eile seachas faoi cheannteideal 8517 ar féidir iad a oibriú gan iad a phéireáil le gaireas eile, amhail ráta croí a thomhas, líon na gcoiscéimeanna a thugtar a chomhaireamh nó an t-am agus an dáta a thaispeáint. Tá na feidhmeanna éagsúla a oibríonn an t-uaireadóir cliste chomh tábhachtach céanna dá úsáid. Dá bhrí sin, ní féidir a phríomhfheidhm a chinneadh, i.e. an chomhpháirt a thugann a shaintréith fhíor-riachtanach don ghaireas de réir bhrí RLG 3(b). Dá bhrí sin, níl an t-uaireadóir cliste inchomparáide leis an earra a dtugtar tuairisc air i dTuairim 8517.62/23 de réir an Chórais Comhchuibhithe um Aicmiú. Dá bhrí sin, tá an t-uaireadóir cliste le haicmiú faoin gcód AC arb é an ceann deireanach é a fhaightear san ord uimhriúil i measc na gceann sin ar fiú iad a bhreithniú trí GIR 3(c) a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá an t-uaireadóir cliste le haicmiú faoi chód AC 9102 12 00 mar uaireadóir, a oibrítear go leictreach, cibé acu stopuaireadóir ann nó as, agus gan ach taispeáint optaileictreonach air.